



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

2001

EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

ARDLEIBHÉAL AGUS GNÁTHLEIBHÉAL

TUAIRISC AN PHRÍOMH-CHIGIRE

Ardleibhéal

1. Réamhrá

Séard atá san Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) Ardleibhéal ná scrúdú scríofa ceann cúrsa de 2 uair agus 45 nóiméad. Tá dhá roinn sa pháipéar scrúdaithe, Roinn 1 – Eolaíoch, a bhfuil **ceithre** ceist inti agus Roinn 11 – Sóisialta, a bhfuil **cúig** ceist inti. Ní mór d'iarrthóirí **dhá** ceist a fhreagairt ó Roinn 1, **dhá** ceist ó Roinn 11 agus ceist **amháin** eile. Tá 80 marc ar gach ceist. An t-iomlán infhaighte don scrúdú ná 400 marc.

2. Feidhmiú na n-Iarrthóirí

Ba é 14,100 líon na n-iarrthóirí a sheas an scrúdú Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) Ardleibhéal sa bhliain 2001, uimhir a léiríonn laghdú de 1,247 (8%) thar líon na n-iarrthóirí i 2000. Cibé scéal é, nuair a chuirtear san áireamh líon iomlán na n-iarrthóirí a sheasann Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) Ardleibhéal mar chéatadán d'iarrthóireacht iomlán na hArdteistiméireachta, feictear laghdú thart ar 1.4% idir 2000 (35.8%) agus 2001 (34.2%).

Anseo thíos tá achoimre ar na grádanna a fuair iarrthóirí sa bhliain 2001.

Iomlán	A	B	C	D	E	F	N.G
14,100	7.5	24.7	32.5	25.3	7.7	2.0	0.3

Fuair 64.7% iarrthóirí grád C nó grád níos airde agus fuair 10% iarrthóirí E nó grád níos ísle. Tríd is tríd bhí na torthaí inchurtha le torthaí sna blianta roimhe sin.

Tugtar mionbhriseadh síos ar gach grád san Aguisín. Léirítear na fo-ghrádanna ann do gach bliain idir 1998-2001.

3. Anailís an Pháipéir

3.1 Meánmharc agus Ráta Freagartha de réir na Ceiste*

CEIST	MEÁNMHARC (80 AN CHEIST)	MEÁNMHARC (ORD RANGAITHE)	RÁTA FREAGARHA (0%)	RÁTA FREAGARHA (ORD RANGAITHE)
1	50	4	90.2	1
2	51	3	39.1	8
3	49	5	65.7	2
4	37	9	42.6	7
5	56	1	62.1	3
6	48	7	60.1	4
7	54	2	52.8	5
8	45	8	52.1	6
9	49	6	23.2	9

*Bunaithe ar anailís na dtorthaí i sampla fánach de 20.

3.2 Anailís ar Fhreagraí na n-Iarrthóirí

(Ba chóir an chuid seo den tuairisc a léamh in éineacht leis an scéim mharcála atá foilsithe).

Roinn 1 - Eolaíoch

Ceist 1 – Próitéin

Meánmharc: 50 (63%)

Ráta Freagartha: 90%

Seo an cheist ba choitianta sa scrúdú. D'fhreagair 90% na n-iarrthóirí í.

Struchtúr Ceimiceach – Thug na hiarrthóirí a d’fhreagair go maith mionchuntas ar an struchtúr ceimiceach. I gcás iarrthóirí nár fhreagair chomh maith sin, níor thug siad níos mó ná an struchtúr bunúsach aimínaigéid nó thug siad gearrchuntas ar na heilimintí a fhaightear sa phróitéin.

Rangú – Freagraíodh é seo go maith i gcoitinne. Cibé scéal é bhí líon iarrthóirí a rangaigh próitéin de réir luach bitheolaíoch.

Luach Bitheolaíoch – D’fhreagair go leor daltaí é seo go maith. Cheap líon áirithe iarrthóirí gur “Feidhmeanna Bitheolaíocha” é seo nuair a bhain siad ciall chontráilte as.

Dí-aimíniú agus Dinádúirí – Freagraíodh iad seo go maith i gcoitinne. Bíodh sin mar atá, chuir líon iarrthóirí na téarmaí trína chéile.

Téachtadh agus Leaisteachas – Seo an chuid ba mheasa den fhreagra. Theip ar go leor iarrthóirí mionmhíniú a thabhairt nó níor thug siad sampla den phróiseas in ullmhúchán bia.

Ceist 2 – Torthaí

Meánmharc: 51 (64%)

Ráta Freagartha: 39%

Seo an dara cheist ba lú coitiantachta sa scrúdú agus an ceann ba lú coitiantachta sa roinn seo. D’athraigh caighdeán na bhfreagraí ó mheasatha maith go sár-mhaith. Níor thug mórchuid iarrthóirí freagraí iomlána. I go leor cásanna níor tugadh ach focail aonair agus cailleadh marcanna dá bharr.

Luach Torthaí mar Earra Bia – Dhírigh go leor iarrthóirí ar luach cothaithe na dtorthaí. Cheapfaí dá réir go mb’fhéidir nár tuigeadh an téarma “earra” go hiomlán.

Rangú agus Samplaí Torthaí – Freagraíodh an chuid seo go maith i gcoitinne. Cibé scéal é bhí líon iarrthóirí nach raibh cur amach acu ar rangú torthaí agus dá bhrí sin níor tugadh aon mharcanna dóibh le haghaidh samplaí a bhain le hábhar.

Na hAthruithe in Aibiú Torthaí – Freagraíodh é go maith i gcoitinne cé nar tugadh dóthain sonraí i gcásanna áirithe.

Éifeacht Cócaireachta agus Próiseáil Torthaí – D’fhreagair na hiarrthóirí é go maith ar ardghnóthachtálaithe iad. I gcuid mhaith freagraí níos laige ba bheag an mionsaothrú a rinneadh taobh amuigh de liosta focal.

Oideas – De réir dealraimh níor thuig mórán iarrthóirí cad is gâteau ann. Tugadh eolas mí-cheart faoi mhéid agus coibhneas na gcomhábhar i gcoitinne. Go ginearálta bhí modh déanta na geistí lochtach freisin. Tugadh roinnt mhaith oideas mí-oiriúnach, mar shampla cístí torthaí, toirtíní agus ciste anainn bun os cionn. Níor thuig na hiarrthóirí go beacht céard a bhí i gceist nuair a roghnaigh siad “hors d’oeuvres” déanta le torthaí. Roghnaigh mórchuid díobh miasanna torthaí den chineál milseoige agus cailleadh marcanna dá bharr.

Ceist 3 – An t-Ae

Meánmharc: 49 (61%)

Ráta Freagartha: 66%

Seo an dara cheist ba lú coitiantachta i Roinn 1. Bhain éagsúlacht le caighdeán na bhfreagraí.

Suíomh an Ae – Freagraíodh é seo go maith i gcoitinne.

Struchtúr an Ae Daonna – Theip ar go leor iarrthóirí marcanna iomlána a bhaint amach toisc nár tugadh dóthain sonraí ina gcur síos ar an struchtúr. Ní bhfuarthas na sé phointe riachtanacha ach amháin sna freagraí rí-mhaithe.

Na Léaráidí – Rinne an mhórchuid léaráid den suíomh, cé go raibh go leor pointí a bhain leis an suíomh mí-cheart. Rinneadh mórán léaráidí maithe ar struchtúr ginearálta, cé nár sholáthraigh ach líon beag léaráid ar struchtúr mhaotháinín. Níor chuir mórchuid na hocht bpointe riachtanacha ar fáil.

Imshruthú na Fola – Freagraíodh é seo go maith i gcoitinne cé nár thagair líon mór don bhféith iomprach. Díríodh aird go háirithe ar an soláthar fola don ae agus ón ae.

Meitibileacht Cothaitheach – Liostaigh líon mór iarrthóirí feidhmeanna an ae mar fhreagra ar an gcuid seo den cheist. Thug roinnt eile sainmhíniú leathan ar an téarma ach theip orthu é a chur i bhfeidhm i gcás an ae. Níor bhac mórán leis an gcuid seo den cheist ar chor ar bith.

Aonstádas – Níor thug ach líon beag cuntas maith ar céard is brí le hAonstádas. Maidir leis an gceist b'é seo an chuid ba mheasa den fhreagra.

Ceist 4 – Reo

Meánmharc: 37 (46%)

Ráta Freagartha: 43%

Ní raibh aon tóir ar an gceist seo. Nuair a tugadh faoi thug gach duine freagra rí-lag air seachas líon beag iarrthóirí. Cheist í a fuair an meánmharc is isle dá bharr.

Na Prionsabail a bhaineann le Reo Bhaile agus Reothriomú – Freagraíodh an roinn seo den cheist go lag i gcoitinne. Thug mórán iarrthóirí cuntas ginearálta ar phróiseas reo seachas aird a dhíriú ar “phrionsabail” an reo. Bhí mórchuid iarrthóirí aineolach ar reothriomú agus níor luaigh ach fíorbheagán “néalú”.

Reo Tráchtála – Bhí na freagraí lag sa roinn seo i gcoitinne nó fágadh é ar lár. Thug roinnt iarrthóirí cuntas ar shéidreo amháin agus rinne mionlach tagairt do reoiteán, pláta nó tumreo. Rinne líon mór iarracht ar reothriomú a thairiscint mar mhodh reo.

Anraith Glasraí – Rinne formhór na n-iarrthóirí cur síos cruinn ar oidis le haghaidh anraith. I líon beag freagraí rinneadh cur síos ar anraith a ullmhaíodh ar mhodh tráchtála agus sa chaoi sin cailleadh marcanna tábhachtacha. I gcoitinne bhí na teoracha a bhain le pacálú agus reo go maith.

Drochthoradh ar phacálú mí-cheart agus Díreo – Níor thug triomlach na n-iarrthóirí trí phointe i ngach cás. Thug an mhórchuid rialacha ginearálta faoin bpacálú agus reo in ionad tagairt cruinn a dhéanamh don drochthoradh.

Roinn 11 – Sóisialta

Ceist 5 – Pósadh agus Cliseadh Pósta

Meánmharc: 56 (70%)

Ráta Freagartha: 62%

Seo an cheist ba choitianta i Roinn 11. Chomh maith leis sin b'í an cheist a fuair an meánmharc is airde sa scrúdú. Sholáthraigh na hiarrthóirí a thug faoin gceist seo freagraí d'ardchaighdeán agus i roinnt cásanna fuarthas marcanna i bhfad níos fearr ná a fuarthas ar cheisteanna eile.

Na Fachtóirí Sóisialta agus Pearsanta a bhaineann le Seasmhacht sa Phósadh – Tugadh níos mó pointí faoi na fachtóirí pearsanta, gan aon tagairt ar bith a dhéanamh do na fachtóirí sóisialta i bhfreagraí áirithe níos laige. Ghlac líon áirithe iarrthóirí dearcadh diúltach chucu agus dhírigh siad aird ar “neamhsheasmhacht.”

Toradh Cliseadh Pósta ar Chéilí agus ar Leanaí – Freagraíodh é seo go maith. Fuair tromlach na n-iarrthóirí marcanna iomlána anseo, ag cur freagraí i láthair ar modh beacht struchtúrtha faoi na cinnteidil luaite.

An tAcht um Dlí Clainne (Colscaradh) - Bhí cur amach ag formhór na n-iarrthóirí ar an Acht agus tugadh freagraí cruinne.

An tAcht um Scaradh Dlithiúil – Níor tugadh faoi seo ach go hannamh agus bhí na freagraí lag go leor.

An tSeirbhís Clainne Idirghabhála – Bhí éagsúlacht go leor ag baint leis na freagraí sa roinn seo. Thug roinnt daoine freagraí a bhí beacht cruinn ó thaobh sonraí de fad is a bhí roinnt eile a chaith leis mar sheirbhís chomhairleach amháin.

Ceist 6 – Oideachas

Meánmharc: 48 (60%)

Rata Freagartha: 60%

Ceist choitianta í seo chomh maith ach bhí roinnt mhaith iarrthóirí nár scórail go maith, go mórmhor ar an gcéad dhá chuid den cheist.

Príomhghnéithe an Oideachais Chomhaimseartha – Rinneadh lag iarracht sa roinn seo, rud a thaispeánann aineolas na n-iarrthóirí faoin mhéid a iarradh orthu nó míthuiscint faoin gceist. Níor chuir mórchuid iarrthóirí struchtúr lena bhfreagraí agus scríobh siad go fairsing ar ghné amháin nó ar dhá cheann agus fágadh na cinn eile as an áireamh.

Roghanna Oideachasúla – Rinneadh athrá ar go leor “gnéithe den oideachas” anseo agus níor chuir na hiarrthóirí síos go forleathan ar na roghanna aitheanta. Bhí cur amach ag roinnt daoine ar na roghanna oideachasúla a bhí ar fáil ach theip orthu na focail “iar-bhunoideachas” a fheiceáil agus thug siad sonraí faoin mbunoideachas agus faoin triú leibhéal araon agus dá bharr sin cailleadh am luachmhar agus marcanna chomh maith.

Na Fachtóirí a imríonn tionchar ar Ghnóthachtáil Oideachasúil – Freagraíodh é seo go maith i gcoitinne agus leagadh amach freagraí go breá soiléir.

Cúiseanna faoi bhFilleadh Daoine Fásta ar an Oideachas – Freagraíodh é seo go maith freisin cé gur léir go raibh roinnt athrá eolais nó dul thar a chéile laistigh de fhreagraí.

Gníomhaireacht a thugann Tacaíocht do Dhaoine Fásta ag Filleadh ar Obair – Thug mórchuid iarrthóirí cur síos ar ghníomhaireacht a bhain leis seo agus d’ainmnigh siad é. FÁS an ceann ba choitianta. D’fhág líon beag iarrthóirí an chuid seo den cheist ar lár.

Ceist 7 – Mionfhearas Cistine

Meánmharc: 54 (67%)

Ráta Freagartha: 53%

Scóráil na hiarrthóirí go maith a thug faoin gceist seo. Bhí an cheist seo measartha coitianta. An dearmad ba thábhachtaí a rinneadh ná gur theip ar iarrthóirí mionfhearas cuí a aithint.

Treochtaí Nua-Aimseartha – Sholáthraigh mórchuid iarrthóirí freagraí dea-fhorbartha a ghnóthaigh marcanna iomlána. Cibé scéal é ba léir go raibh líon áirithe iarrthóirí ann nach raibh suas chun dáta le forbairtí nua-aimseartha i leith fearais, rud a thug le fios b’fhéidir go raibh siad thar a bheith muiníneach as na téacsleabhair.

Fearas Roghnaithe – Tugadh marcanna iomlána orthu san den chuid is mó. Níor cuireadh an iomad piónóis ar na daltaí a roghnaigh mórfhearas, mar tugadh marcanna ar eolas ceart a bhain leo. Tugadh sonraí maithe i gcoitinne ar “tógáil” agus “costas.” Cibé scéal é, i gcás “ gnéithe nua-aimseartha” agus “prionsabail oibriúcháin” ní raibh ardchaighdeán ag baint leo i gcónaí. Roghnaigh mórchuid iarrthóirí fearas níos mó (inneall niocháin, oighreadáin, oigheann micrathonnach, srl.) agus ba léir nach raibh siad ró-eolach futhu agus dá bhrí sin níor scóráil siad go maith.

Úsáidí agus Éifeachtacht Fuinnimh – D’fhreagair roinnt iarrthóirí é seo go maith ach scóráil líon áirithe iarrthóirí go híseal mar ní raibh ar a gcumas níos mó ná aon phointe gairid amháin eolais a sholáthar do gach ceann.

Ceist 8 – Urlárlach

Meánmharc: 45 (55%)

Rata Freagartha: 52%

Cé gur rogha measartha coitianta an cheist seo bhí caighdeán na bhfreagraí íseal ar an iomlán.

Riachtanais Fheidhmiúla – Ba léir nach raibh aon deacracht ag na hiarrthóirí i gcoitinne leis an gcuid seo den cheist.

Cur síos ar Urlárlach – Chaill mórchuid iarrthóirí marcanna luachmhara nuair a thug siad freagraí rí-ghearr agus /nó eolas nár bhain le hábhar. Níor thug an tromlach níos mó ná pointe gearr amháin ar chomhdhéanamh. Maidir leis an freagraí a tugadh i gcás airionna níor imigh mórán thar focail aonair gan aon mhíniú ná cur síos forleathan a thabhairt. Léiríodh eolas maith ar chúram agus ar ghlanadh nuair a thug mórchuid iarrthóirí freagraí a bhí iomlán agus ceart. Cibé scéal é léirigh mórán daoine leibhéal íseal eolais maidir le costas an chlúdaigh urláir roghnaithe. I bhformhór na bhfreagraí fágadh tagairt do mhéid urláir agus / nó tomhas ar lár.

Glantóirí – D’fhág tromlach na n-iarrthóirí an chuid deireanach seo den cheist ar lár. Léirigh mórán iarrthóirí a thug faoi go raibh fíorbheagán eolais acu ar chomhdhéanamh nó ar phrionsabail a bhaineann le glantóirí.

Ceist 9 – Leictreachas

Meánmharc: 49 (61%)

Ráta Freagartha: 23%

Seo an cheist ba lú coitiantachta sa scrúdú. Níor thug ach ceathrú den iarrthóireacht faoi. Cíbé scéal é fuair na daoine a thug faoi scóráil maith.

Cur síos ar Chóras Leictreachais Tí – Freagraíodh an chuid seo den cheist go maith. Bhí na freagraí gearr cruinn agus bhí léaráidí lipéadaithe soiléir in éineacht leo. Cailleadh marcanna nuair nár thug iarrthóirí ach aon phointe amháin ar gach cuid den chóras nó nuair a d’fhág said cuid riachtanach ar fad ar lár.

Léaráidí – Ar an iomlán bhí na léaráidí an-mhaith. An botún ba choitianta ná gur fágadh an sreang thalmhaithe ar lár.

Cileavatuair, Sábháltóir Oíche, Sreang Thalmhaithe – Bhí eolas maith orthu siúd ag tromlach na n-iarrthóirí i gcoitinne.

Siombail Shábháilteachta Leictreach – Fuair roinnt iarrthóirí marc maith anseo ach sholáthraigh daoine eile siombail nár bain leis an leictreachas nó nach raibh ceart.

4. Cuntas Iomlán Ginearálta

Mheas na scrúdaitheoirí i gcoitinne gur thug an scrúdu deis do thromlach na n-iarrthóirí a gcuid eolais ar an ábhar a thaispeáint. Measadh go raibh cothromaíocht agus dúshlán ag baint leis na ceisteanna.

Anseo thíos tá na príomh-phointí a tháinig ó thuairiscí na Scrúdaitheoirí agus a chuir le cailliúint marcanna i gcás mórán iarrthóirí.

- Teip ar ghéilleadh do na treoracha ginearálta a bhain le líon na gceisteanna le freagairt agus leis na ranna ar chóir na ceisteanna a roghnú astu.
- Easpa sách eolais ar gach gné riachtanach d’ábhar. Freagraí neamhiomlána agus codanna de cheisteanna fágtha ar lár dá bharr. Ba rí-léir é seo i gcás na gceisteanna seo a leanas i mbliana.

- C.1 – Leaisteachas; C.3 – Aonstádas; C.4 – Prionsabail reo agus modhanna nua-aimseartha reo tráchtála. C.6 – Príomhghnéithe an oideachais chomhaimseartha.
- C.8 – Comhdhéanamh / Prionsabail ghlantóirí urláir.
- Míniú contráilte bainte as ceisteanna / bhí easpa tuisceana i leith téarmaí criticiúla follasach i mbliana sna freagraí ar chodanna na gceisteanna seo a leanas.

C.1 – Tugadh *Feidhmeanna Bitheolaíochta* in áit *Luach Bitheolaíoch*.

Luach Bitheolaíoch mar mhíniú contráilte ar *Rangú Struchtúr Próitéin*.

C.2 – Deacracht faoin bhfrasa *Bia-ábhar*

C.4 – Deacracht faoin bhfrása *Bunphrionsabail*

Neamhaird a thabhairt ar an bhfrása *Droch-Éifeachtaí*

C.5 – *Neamhsheasmhacht* i gcoinne *Seasmhacht*

C.6 – Deacracht faoin bhfrása *Oideachas Comhaimseartha*

Neamhaird a thabhairt ar *Iar-Bhunoideachas*. Plé déanta ar gach leibhéal den chóras.

C.7 – Míniú contráilte bainte as *Mionfhearas*.

Feidhm bainte as pointí gearra nuair a d'éiligh an cheist plé, míniú nó ráiteas níos iomlána.

Leirigh na hiarrthóirí nach bhfuair Grád níos airde ná D (10%) go raibh eolas lag ar an ábhar acu i gcoitinne, go mórmhór i Roinn 1 - Eolaíoch. Tugadh faoi níos lú ná lion na gceisteanna a iarrtar orthu a fhreagairt agus go minic fágadh ranna ceisteanna ar

lár. Tugadh faoi deara gur bhain ardráta teipe le hionaid ar leith, seachas ráta scaipthe go cothrom trí fhormhór na n-ionad. Thug na scrúdaitheoirí faoi deara go bhfuil go leor iarrthóirí ann nach gcoinníonn suas chun dáta le treochoirí nua aimseartha, le forbairtí nua agus eolas.

5. Moltaí do Mhúinteoirí agus Daltaí

Ba chóir go léifeadh daltaí na ceisteanna go cúramach. D'fhéadfadh seo cuidiú le laghdú a dhéanamh ar chodanna ceisteanna a fhágáil ar lár agus le caill chontráilte a bhaint as gnéithe de cheisteanna.

Ba chóir na freagraí a phleanáil amach agus **aird a dhíriú ar phríomheilimintí uile na ceiste.** Baineann tábhacht nach beag leis seo nuair a bhítear ag freagairt ceisteanna Sóisialta i dtreo is nach ndéanfaí athrá ar phointí eolais agus / nó d'fhonn soláthar réimse easpach pointí laistigh de roinn cheiste a sheachaint.

Déantar athruithe agus athchóiriú de shíor ar ábhar na hEacnamaíochta Bhaile. B'fhearr go dtabharfaí faoi léiriú ar imeachtaí reatha i leith an ábhair sa chúrsa staidéir **trí fheidhm a bhaint as ábhair seachas na gnáth téacsleabhair.**

1. Réamhrá

Séard atá san Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) Gnáthleibhéal ná scrúdú scríofa ceann cúrsa de 2 uair agus 45 nóiméad. Tá dhá roinn sa phaipéar scrúdaithe. Roinn 1 – Eolaíoch, a bhfuil 4 cheist inti agus Roinn 11 – Sóisialta, a bhfuil **cúig** cheist inti. Ní mor d'iarrthóirí **ceist amháin** a fhreagairt ó Roinn 1, **ceist amháin** ó Roinn 11 agus **trí** cheist eile. Tá 80 marc ar gach ceist. An t-iomlán infhaighte don scrúdú ná 400 marc.

2. Feidhmiú na n-Iarrthóirí

Ba é 5,305 líon na n-iarrthóirí a sheas an scrúdú Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) Gnáthleibhéal sa bhliain 2001, uimhir a léiríonn laghdú de 1064 (16.7%) thar líon na n-iarrthóirí i 2000. Cibé scéal é, nuair a chuirtear san áireamh líon iomlán na n-iarrthóirí a sheasann Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) Gnáthleibhéal mar chéatadán d'iarrthóireacht iomlán na hArdteistiméireachta feictear laghdú thart ar 1.6% idir 2000 (35.8% den chohórt) agus 2001 (34.2%).

Seo thíos tá achoimre ar na grádanna a fuair iarrthóirí sa bhliain 2001.

Iomlán	A	B	C	D	E	F	N.G
5305	3.8	22.2	35.1	28.3	7.5	2.7	0.4

Fuair 61% iarrthóirí grád C nó grád níos airde agus fuair 10.6% iarrthóirí E nó grád níos ísle. Tríd is tríd bhí na torthaí inchurtha le torthaí sna blianta roimhe sin.

Faightear mionbhriseadh síos ar gach grád san Aguisín. Léirítear anseo na fo-ghrádanna sna blianta idir 1998 – 2001.

3. Anailís an Pháipéir

3.1 Meánmharc agus Ráta Freagartha de réir na Ceiste.

CEIST	MEÁNMHARC (%)	MEÁNMHARC (ORD RANGAITHE)	RÁTA FREAGARHA (%)	RÁTA FREAGARHA (ORD RANGAITHE)
1	39	7	52	4
2	48	3	44	6
3	42	6	35	7
4	38.5	8	28	9
5	51	1	95	1
6	49	2	92	2
7	43.5	4	48	5
8	33	9	32	8
9	43	5	53	3

*Bunaithe ar anailís na dtorthaí i sampla fánach de 20

3.2 Anailís ar Fhreagraí na n-Iarrthóirí

(Ba chóir an chuid seo den tuairisc a léamh in éineacht leis an scéim mharcála atá foilsithe)

Roinn 1 – Eolaíoch

Ceist 1 – Vitimín C

Meánmharc: 31 (39%)

Ráta Freagartha: 52%

Seo an cheist ba choitianta i Roinn 1. Bhí éagsúlacht i gcaighdeán na bhfreagraí. Chomhlíon na freagraí ab fhearr riachtanais iomlána na ceiste. Aithníodh freagraí níos laige de réir mar ar fágadh go leor codanna ceiste ar lár. Taobh istigh de roinnt mhaith freagraí cuireadh Vitimín C, Vitimin D agus / nó Cailciam trína chéile

Feidhmeanna Vitimín C – Rinneadh é seo go maith nó cuireadh síos air mar fheidhmeanna cothaithe ginearálta.

Fóinsí – De ghnáth cuireadh síos ar dhá / trí fhoirse. Níor cuireadh torthaí san áireamh ach amháin sna freagraí ab fhearr.

Nuair a bhí eolas ag na hiarrthóirí ar na *feidhmeanna* bhí eolas acu ar *éifeachtaí easpa* freisin agus fuarthas marcanna iomlána ar na codanna seo den cheist dá bharr. Ba dhealraitheach nár thuig go leor iarrthóirí ‘*airíonna*’ nó ‘*laghdaithe*’ agus cailleadh marcanna ar gach ceann dá bharr.

Ceist 2 – Feoil

Meánmharc: 38 (48%)

Ráta Freagartha: 44%

Ní cheist choitianta í seo ach nuair a tugadh faoi fuarthas ardmharcanna .

Luach Cothaitheach, Struchtúr agus Éifeacht Chócaireachta ar Fheoil – Bhí gach ceann ar eolas ag tromlach na n-iarrthóirí. Baineadh feidhm éifeachtúil as léaráidí d’fhonn an struchtúr a léiriú.

Oideas Feola – Spaghetti Bolognese agus Lasagne na hoidis ba choitianta. Chaill mórán oideas marcanna mar gheall ar méid mícheart agus /nó gan méid ar bith a lua. Luadh na gearrthaí níos costasúla feola i líon áirithe oideas agus cailleadh marcanna dá bharr. Tá fadhb leanúnach ag go leor iarrthóirí nach bhfuil in ann oidis a chur i láthair de réir riachtanais an scrúdaithe.

TVP – Bhí líon beag eolasach ar TVP agus d’fhág mórán an chuid seo ar lár.

Ceist 3 – An Croí Daonna

Meánmharc: 34(42%)

Ráta Freagartha: 35%

I measc na ngnéithe den cheist seo a raibh eolas maith orthu bhí *suíomh* agus ainmneacha na gcodanna éagsúla *struchtúracha*. Cé gur thuig mórán iarrthóirí ainmneacha na gcodanna éagsúla, bhíodar trína chéile maidir leis an urrann chlé agus an urrann dheas agus ní rabhadar in ann soithigh fhola ar leith agus comhlaí a bhain le ceachtar acu agus le codanna struchtúracha eile a aithint.

Léaráidí – Bhain éagsúlacht leo san ó na cinn a rinneadh go beacht cruinn agus samplaí lipéadaithe go soiléir go cinn eile nach raibh iontu seachas sceitseáil gan aon eolas curtha i láthair go soiléir.

An t-Imshruthú Fola – D’fhreagair na hiarrthóirí ab fhearr é seo go maith agus fágadh ar lár é go minic i roinnt freagraí.

Fachtóirí a imríonn tionchar ar Bhuille an Chroí – Cé gur luadh na fachtóirí a imríonn tionchar ar bhuille an chroí i mórchuid freagraí bhain easpa mínithe maidir le fachtóirí i roinnt mhaith freagraí.

Ceist 4 – Gránaigh**Meánmharc: 30 (38.5%)****Ráta Freagartha: 28%**

Seo an cheist ba neamhchoitianta sa scrúdú.

I gcoitinne thaispeáin na hiarrthóirí a thug faoin gceist eolas maith agus tuiscint ar *luach cothaithe gránach*.

Luach Bia-eolaíoch agus Eacnamaíoch – Ba mhinic a fágadh é seo ar lár nó a rinneadh lagiarracht air nuair nár luadh ach aon phointe amháin bainteach le gach ceann. Ba mhinic a rinneadh tagairt do ghránaigh bhricfeasta seachas na gránaigh i gcoitinne.

Cineál agus Déanamh Pasta – Níor thuig ach fíorbheagán iarrthóirí conas a dhéantar Pasta. Bhain líon bunúsach míniú contráilte as an gcuid seo mar ‘conas pasta a chócaráil.’ Léiríodh eolas maith ar chineálacha pasta agus tugadh roinnt mhaith samplaí.

Mias Pasta – Ba iad Spaghetti Bolgnese agus Lasagne na hoidis ba mhó coitiantachta. Cailleadh marcanna de bharr úsáid anlainn áise sna hoidis.

Costáil – Níor ghnóthaigh ach fíorbheagán iarrthóirí marcanna iomlána le haghaidh costála. Luadh costas singil amháin gan aon áireamh a thaispeáint nó fágadh ar lár é ar fad.

Roinn 11 – Sóisialta**Ceist 5 – Alcól****Meánmharc: 41 (51%)****Ráta Freagartha: 95%**

Seo an cheist ba choitianta sa scrúdú a ghnóthaigh ráta freagartha de 95% agus a fuair an meánmharc is airde. De réir dealraimh mheas líon áirithe iarrthóirí gur réamhrá a bhí sa chéad chuid den cheist agus theip orthu cuntas a thabhairt ar an ráiteas. Na

daoine a thug cuntas ar ólachán mar fhadhb shóisialta thapaigh siad an deis d'fhonn a gcuid tuairimí a nochtadh faoi mhí-úsáid alcóil ag déagóirí faoi láthair agus sholáthraigh siad mórchuid freagraí maithe dea-fhorbartha.

Treoirínite maidir le hÚsáid Chiallmhar Alcóil – Nocht na hiarrthóirí a dtuairimí ó thosach deireadh ar an ólachán mar fhadhb shóisialta atá ag méadú agus sholáthraigh an tromlach freagraí maithe dea-fhorbartha. Bhain líon áirithe iarrthóirí míniú contráilte as an gcuid seo den cheist agus thug siad treoirínite chun cosc a chur ar ólachán fo-aoiseach.

Tionchar Alcóil – Ba mhinic a bhí na freagraí maidir le tionchar alcóil ar an gcolann daonna doiléir gan aon bhaint le hábhar. Nuair a rinneadh tagairt do thionchar alcóil ar an gclann agus ar an tsochaí araon gnóthaíodh ardmharcanna i gcoitinne. Ba mhinic a fágadh ar lár aon tagairt do thionchar alcóil ar an tsochaí sna freagraí níos laige. Nuair a d'éiligh an cheist cuntas ar thionchar alcóil níor liostáladh ach pointí i roinnt mhaith freagraí agus ní dhearnadh aon iarracht ar iad a leathnú amach.

Foinse Cuidithe – D'ainmnigh beagnach gach dalta Alcólaigh Gan Ainm ach theip ar mhórchuid aon eolas tuairisciúil a sholáthar faoin gcuidiú a chuireann an eagraíocht seo nó aon cheann eile ar fáil.

Ceist 6 – Luathfhágáil Scoile / Clubanna Ógra agus Grúpaí Súgartha / Athruithe sa Lucht Oibre / Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Meánmharc; 39 (49%)

Ráta Freagartha: 92%

Seo an dara cheist ba choitianta sa scrúdu. Ba iad cuid 1 agus cuid 11 na codanna ba choitianta laistigh den cheist. Tá ceithre chuid ann agus ní mor don iarrthóir dhá cheann acu a fhreagairt.

Cúiseanna agus Éifeachtaí ar Lucht Chúl le Scoil - Freagraíodh an roinn a bhain le cúiseanna go maith ach amháin nuair a liostáladh na príomhphointí gan aon sonraí a thabhairt. Fágadh na héifeachtaí ar lár nó rinneadh lag iarracht agus cailleadh marcanna dá bharr.

Buntáistí a bhaineann le Clubanna Ógra agus Grúpaí Súgartha – Sholáthraigh tromlach na n-iarrthóirí trí phointe mhaithe faoi chlubanna ógra. Bhí gach dealramh air go raibh go leor iarrthóirí trína chéile maidir le grúpaí súgartha agus clósanna súgartha agus cailleadh marcanna.

Saoránaigh Iasachta sa Lucht Oibre – Seo an chuid ba lú choitiantachta laistigh den cheist. Rinneadh tagairt do dhídeanaí agus do chuardaitheoirí dídeain i roinnt mhaith freagraí agus theip orthu fócas tábhachtach na ceiste a aithint.

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh do Dhaoine Scortha / Aosta – Ní raibh dóthain eolais ar sheirbhísí leasa Shóisialaigh d'fhonn freagra sásúil a sholáthar ag tromlach na n-iarrthóirí a thug faoin gcuid seo den cheist. Sna freagraí liostáladh réimsí seirbhísí nó tugadh mionsonraí ar dhá cheann nó trí cinn ar a mhéad. I roinnt freagraí rinneadh tagairt do sheirbhísí nach bhfuil ar fáil do dhaoine scortha / aosta.

Ceist 7 – Buiséadadh

Meánmharc: 35 (43.5%)

Ráta Freagartha: 48%

Treoirínite ba chóir a leanúint nuair a leagtar amach Buiséad – Bhí deacrachtaí ag baint leis an gcuid seo den cheist agus ba mhinic a d'fhág mórán iarrthóirí ar lár é. Ba mhinic a tugadh treoirínite ginearálta i leith siopadóireachta trí bhotún.

Gearradh Pá Éigeantach agus Roghnach – Ba léir go raibh go leor iarrthóirí trína chéile maidir le gearradh pá éigeantach agus gearradh pá roghnach agus tugadh eolas mícheart.

Buiséad Tí a Phleanáil – Freagraíodh an chuid seo den cheist go han-mhaith. Rinne mórán iarrthóirí buiséad teaghlaigh cuimsitheach a phleanáil. Cuireadh na gnéithe tábhachtacha den chaiteachas san áireamh. Níor sholáthraigh na freagraí níos laige gach a bhí riachtanach agus thug siad cuntas neamhréalaíoch ar mhéid bia, ar chíos srl.

I dtromlach na bhfreagraí scríobhadh faoin gCóras Cártaí Leighis agus ghnóthaigh mórán daoine marcanna iomlána anseo.

Ceist 8 – Scéimeanna Datha / Péint

Meánmharc: 26 (33%)

Ráta Freagartha: 32%

Seo an dara cheist ba lú choitiantachta sa scrúdú agus fuarthas an meánmharc ab ísle.

Fachtóirí a bhaineann le Pleanáil Scéimeanna Datha – Níor liostaigh mórchuid iarrthóirí aon fhachtóirí fad nár liostaigh iarrthóirí eile ach focail thábhachtacha gan aon mhíniú agus rinne daoine eile fós athrá ar phointí a luadh cheana.

Comhdhéanamh Péinte – Ní raibh ach mionlach na bhfreagraí a cuireadh i láthair ceart. Maidir leis an difríocht idir olaphéint agus péint uiscecheangailte rinneadh lag iarracht orthu araon. Go minic níor luadh níos mó ná aon phointe amháin eolais.

Na Buntáistí a bhaineann le húsáid péinte mar Bhailchríoch – Léiríodh eolas maith ar seo agus ghnóthaigh formhór na ndaltaí marcanna iomlána.

Cur síos ar Chóta Bailchríche Maisiúil – Bhí formhór na n-iarrthóirí eolasach faoin gceist seo. Ba iad rolladh, spúinseáil agus stionsaláil na roghanna ba choitianta. Léirigh na freagraí inar cailleadh marcanna easpa tuisceana i dtaobh Chóta Bailchríoch maisiúil péinte agus in ionad san rinneadh tagairtí do dhathanna péinte, do ráillí maisiúla srl.

Ceist 9 – Úsaid Fuinnimh / Inslíú

Meánmharc: 34 (43%)

Ráta Freagartha: 53%

Seo an triú cheist ba choitianta ar an bpaipéar.

An Tábhacht a bhaineann le Caomhnú Fuinnimh – Fuarthas dhá phointe chearta ar a laghad i bhformhór na bhfreagraí.

Prionsabail an Inslithe – Ba dheacair d’iarrthóirí míniú a thabhairt ar seo agus d’fhág siad tagairt don phrionsabal ar lár go minic. Bhí na freagraí i gcoitinne doiléir agus bhí easpa sonraí ag baint leo.

Ábhair Inslithe – Cé gur ainmníodh ábhair oiriúnacha i bhformhór na bhfreagraí le haghaidh na réimsí éagsúla a leagadh síos sa cheist ní raibh ach líon beag in ann aon mhionsonraí a sholáthar maidir leis na hábhair agus cailleadh marcanna tábhachtacha dá bharr. Bhí líon beag freagraí ann inar tugadh léaráidí beachta den insliú a úsáideadh agus ghnóthaigh siad marcanna iomlána.

Bhí na hiarrthóirí go léir beagnach eolach ar na treoirlínte a bhaineann le Caomhnú Fuinnimh agus ghnóthaigh mórchuid díobh marcanna iomlána sa roinn seo den cheist.

4. Leirmheas Ginearálta Iomlán

- Glacadh go maith leis an bpaipéar scrúdaithe agus measadh gur réitigh sé go maith le daltaí.
- Sholáthraigh réimse na n-ábhar ann deis do mhórchuid daltaí tabhairt faoi líon na gceisteanna éigeantacha.
- Bhain leagan amach níos fearr leis na ceisteanna Sóisialta (ceist 5 agus 6) agus scríobhadh níos lú nár bhain le hábhar ná mar a scríobhadh le blianta beaga anuas.

Seo na príomhphointí a tháinig ó thuairiscí na scrúdaitheoirí agus a chuir le cailliúint marcanna i gcás mórchuid iarrthóirí:

- Teip faoi gheilleadh do na treoracha ginearálta a bhain le líon na gceisteanna ba chóir a fhreagairt. **Níor thug líon bunúsach iarrthóirí faoi chúig cheist.**
- Easpa sách eolais ar gach gné riachtanach d'ábhar agus freagraí neamhiomlána agus codanna ceiste fágtha ar lár dá bharr. Ba rí-léir é seo sna ceisteanna seo a leanas i mbliana.

C.1 – Airíonna agus éifeachtaí easpa Vitimín C.

C.3 – Imshruthú Fola idir croí agus scámhóga

C.4 – Luach Bia-eolaíoch agus Luach Eacnamaíoch Gránach

C.8 – Comhdhéanamh Péinteanna

C.9 – Sonraí faoi na hábhair inslithe

- Ciall chontráilte bainte as ceisteanna / easpa tuisceana i leith téarmaí criticiúla
- Feidhm a bhaint as pointí gearra áit a raibh gá le plé nó míniú

5. Moltaí le haghaidh Múinteoirí agus Daltaí

Ba chóir go léifeadh daltaí na ceisteanna go cúramach. Dfhéadfadh seo cuidiú le laghdú a dhéanamh ar chodanna ceisteanna a fhágáil ar lár agus le ciall chontráilte a bhaint as gnéithe de cheisteanna.

Ba chóir na freagraí a phleanáil amach agus **aird a dhíriú ar phríomheilimintí uile na ceiste.** Baineann tábhacht nach beag leis seo nuair a bhítear ag freagairt

ceisteanna Sóisialta i dtreo is nach ndéanfaí athrá ar phointí eolais agus /nó d'fhonn soláthar réimse easpach pointí laistigh de roinn cheiste a sheachaint.

Ní mór bheith ag **cur i gcuimhne do dhaltaí de shíor tabhairt faoi na cúig cheist atá riachtanach.** Muna dtugtar faoi chúig cheist a fhreagairt baineann an-deacracht le Grád D a fháil má ghnóthaíonn iarrthóirí marcanna ísle sna ceisteanna a fhreagraítear.

Nuair a iarrtar oideas a sholáthar laistigh de cheisteanna, go ginearálta tugtar 40% de mharcanna na ceiste air. Cailltear marcanna tábhachtacha nuair **nach gcuirtear oidis i láthair** de réir ghnáthfhormáid an oidis. Ní mór eolas a chur ar fáil maidir le comhábhar agus méid, modh ullmhaithe, cócaireáil agus dáileadh, áit a bhfuil sé fóirsteanach.

Aguisín 1

Iarrthóireacht don Eacnamaíocht Bhaile (E & S) 1996 – 2001

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

BLIAIN	IARRTHÓIRÍ A THÓG EACNAMAÍOCHT BHAILE (E&S)	IARRTHÓIRÍ A THÓG EACNAMAIOCHT BHAILE (E&S) ARDLEIBHÉAL	IARRTHÓIRÍ A THÓG EACNAMAÍOCHT BHAILE (E&S) GNÁTHLEIBHÉAL
1996	22,055	16,323	5,732
1997	23,849	16,931	6,918
1998	24,181	17,626	6,555
1999	22,957	16,676	6,281
2000	21,716	15,347	6,369
2001	19,405	14,100	5,305

BRISEADH SÍOS I NGRÁDANNA DE RÉIR CÉATADÁIN, ARDTEISTIMÉIREACHT, ARDLEIBHÉAL,

1999-01

Bliain	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1999	1.8	3.6	4.1	7.3	10.6	9.4	12.5	13.5	8.8	9.4	9.9	7.4	1.5	0.2
2000	2.7	4.8	6.0	8.5	10.7	10.3	11.4	11.8	9.1	8.5	8.0	6.9	1.2	0.2
2001	2.8	4.7	5.4	8.2	11.1	9.4	11.3	11.8	8.5	8.4	8.4	7.7	2.0	0.3

BRISEADH SÍOS I NGRÁDANNA DE RÉIR CÉATADÁIN, ARDTEISTIMÉIREACHT, GNÁTHLEIBHÉAL,

1999-01

Bliain	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1999	0.2	2.2	1.7	5.7	11.6	8.4	13.5	15.8	9.3	9.8	12.1	6.8	2.3	0.6
2000	0.3	1.9	1.5	5.3	11.8	8.5	12.7	15.9	9.0	9.8	13.3	7.2	2.3	0.4
2001	0.7	3.1	3.1	7.3	11.8	9.1	11.9	14.1	8.0	9.3	11.0	7.5	2.7	0.4

